

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2007

Focal ón gCathaoirleach

Bliain eile beagnach imithe agus Biseach 2007 ann arís chun blaiseadh d'imeachtaí na bliana a chur os bhur gcomhair agus sibh a thabhairt siar ar bhóithre na smaointe leis an mbailiúchán seanphictiúir atá inti.

Tá tábhacht nach beag ag baint le hiris ar nós Biseach, ní don lucht staire a bheas ag déanamh mórstaidéir éigin ar phobal Chois Fharraige san am a caitheadh ach don pobal lena mbaineann sé. Tugtar léargas inti ar imeachtaí agus ar eachtraí an cheantair ó bhliain go bhliain agus scaití agus tú ag breathnú air déarfaidh tú, “*cén chaoi ar éirigh linn é sin a dhéanamh?*” nó “*bhí an oíche sin go maith*” nó “*faraor gan iad linn inniu*” nó “*tharla go leor i mbliana*” nó “*nach deas a bhreathnaíonn siad*”. Tá sé pearsanta agus spreagann sé mothúcháin dhifriúla ionainn uilig. É sin ráite, is leis an pobal trí chéile é, is ón bpobal a thagann an t-ábhar uilig agus murach gnaíúlacht phobal Chois Fharraige ní bheadh a leithid ar fáil.

Is mé ag caint faoi ghnaíúlacht phobal Chois Fharraige, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn ar bhealach ar bith agus muid ag réiteach Biseach 2007. Ar ndóigh, mura dtarlaíonn aon rud ní bhíonn aon scéal le n-insint ach ní sin mar a

bhí, tharlaigh neart anuraidh, leisce na dearmad ní luafaidh mé aon ceann ar leith anseo ach is féidir leat léamh fúthu nó breathnú ar na pictiúr níos faide isteach san iris.

Comhghairdeas leis na Cumainn, na Coistí agus le pobal Chois Fharraige as a bhfuil bainte amach agaibh i mbliana. “Seachnaigí fear an phlámáis”, a deir an seanfhocal agus mar gheall go raibh sibh comh maith sin anuraidh tá “Comórtas idir Bhailte” á eagrú ag gCumann Forbartha ina mbeidh seó stáitse leis an téama “**Chois Fharraige 2050**”. Tá tuilleadh eolais le fáil ó oifigí an Chomharchumainn.

De réir mar chloisim tá neart imeachtaí beartaithe don bhliain seo chugainn ag na cumainn agus ag na coistí éagsúla atá ag feidhmiú sa cheantar. Ná seachnaigí iad agus na ceil dó chúnadh má tá tú in ann. Má tá aon imeacht nó eachtra fágtha ar lár níl tada bainte as an mbliain seo chugainn fós agus le cúnamh Dé beidh muid ag foilsiú arís.

Bainigí taitneamh as Biseach 2007 agus guím Nollaig Mhaith agus Bliain Nua faoi mhaise daoibh go léir.

Seán Ó Raighne
(Cathaoirleach Chumann
Forbartha Chois Fharraige)

Clár

Ábhar	Lch.
An bhFuil Mórán Déanta	3
Scoil an Tulaí	7
Scoil Sailearna	11
Ealaín Bheo	19
Ionad Tacaíochta	20
You're a Star	23
Comórtas Liteartha	24
Cumann Drámaíochta	27
Rós Deilgneach	28
To Russia	30
Capaill na gCualán	33
Tearmann Éanna	35
Na Coastguards	36
Spórt	41
Pleananna Forbartha	50
Canon Lyons	55
Seanphictiúir	56